# Tá sceideal imdhíonta leanaí ag athrú

**Is grúpa saineolaithe ar fud na Ríochta Aontaithe é an Comhchoiste um Vacsaíniú agus Imdhíonadh (JCVI) a chuidíonn le cinneadh a dhéanamh faoi na vacsaíní ba chóir do leanaí a fháil agus an uair. Tá athruithe molta aige ar an sceideal imdhíonta leanaí a bheidh i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann.**

Taispeánann an léaráid ar an chéad leathanach eile na hathruithe. Tabharfaidh an sceideal nua cosaint níos fearr arís do do leanbh ar ghalair thromchúiseacha.

- Cuirfear tús leis na chéad athruithe ar an 1 Iúil 2025. Malartófar uainiú dhá vacsaín a thugtar sa sceideal vacsaínithe reatha. Bogfaidh an meiningeacócúil B (MenB) a thugtar ag 16 seachtaine ar aghaidh go dtí 12 sheachtain. Tabharfar an vacsaín niúmacocúil (PCV) ag 16 seachtaine.
- Níl cosaint i gcoinne C meiningeacócúil (MenC) de dhíth a thuilleadh ag 12 mhí mar gheall ar ghlacadh maith sa chlár vacsaínithe do dhéagóirí. An vacsaín a thugtar ag 12 mhí, a chosnaíonn i gcoinne Haemophilus influenzae b (Hib), bogfaidh sé chuig coinne nua ag 18 mí.
- Ó Eanáir 2026, bogfaidh an dara dáileog den vacsaín bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg (MMR) chuig coinne nua ag 18 mí, rud a chuideoidh le do leanbh a chosaint níos luaithe.
- Braithfidh sé ar dháta breithe do linbh an mbeidh tionchar ag na hathruithe air.
- Leanfar de bheith ag glaoch ort le haghaidh coinní vacsaínithe sceidealaithe do linbh nuair a bheidh siad dlite.
- Cuirfear bileoga faisnéise nua ar fáil do mhí Eanáir 2026 – má bhíonn eolas cothrom le dáta de dhíth ort roimhe seo, seiceáil ar líne tríd an chód QR nó an nasc a leanúint: www.nidirect.gov.uk/articles/childhood-immunisation

Má bhíonn aon cheist agat faoi athruithe ar an sceideal, labhair le do thoil le cuairteoir sláinte do linbh, d'altra teaghlaigh nó do dhochtúir teaghlaigh. Tá sé tábhachtach do leanbh a thabhairt le haghaidh vacsaínithe ag an am a thugtar cuireadh dó le cuidiú leis a bheith sláintiúil agus é a chosaint ar ghalair thromchúiseacha.

**Cuimhnigh, tá vacsaínithe sábháilte, éifeachtach agus is féidir leo beatha a shábháil**

06/25Ire

# Taispeánann an léaráid seo an sceideal imdhíonta leanaí reatha le hathruithe 2025 agus 2026 aibhsithe

| An uair is ceart imdhíonadh a dhéanamh | Galar nó ionfhabhtú a gcosnaíonn gach vacsaín ina choinne | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Athrú ó 1 Iúil 2025** | | | | |
| 8 seachtaine (2 mhí) | Diftéire, teiteanas, triuch, póilió, Hib agus heipitíteas B (6 in 1) | Rótavíreas | Meiningeacocúil grúpa B (MenB) | |
| 12 sheachtain (3 mhí) | Diftéire, teiteanas, triuch, póilió, Hib agus heipitíteas B (6 in 1) | Rótavíreas | Niúmacócúil (PCV) | |
| 16 seachtaine (4 mhí) | Diftéire, teiteanas, triuch, póilió, Hib agus heipitíteas B (6 in 1) | Meiningeacocúil grúpa B (MenB) | | |
| 12 mhí (ag baint 1 bhliain d'aois amach) | An bhruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg (MMR) | Niúmacócúil (PCV) | Meiningeacocúil grúpa B (MenB) | ~~Hib agus meiningeacocúil grúpa C (Men C)~~ |
| **Athrú ó Eanáir 2026** | | | | |
| 18 mí Coinne nua | Diftéire, teiteanas, triuch, póilió, Hib agus heipitíteas B (6 in 1) | An bhruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg (MMR) | | |
| 3 bliana 4 mhí (réamhscoile) | Diftéire, teiteanas, triuch agus póilió | ~~An bhruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg (MMR)~~ | | |

Public Health Agency

www.publichealth.hscni.net